# Conairí Tacaíochta Breise

## Conairí Tacaíochta Breise agus an tSonraíocht *Teanga*

Is duine ar leith gach páiste a bhfuil sraith uathúil buanna, spéiseanna agus riachtanas acu is féidir a chothú. Cuireann na Torthaí Foghlama sa tSonraíocht *Teanga*, mar aon leis na contanaim dul chun cinn ghaolmhara, deiseanna ar fáil do na páistí uile chun foghlaim trí iliomad conairí agus trí eispéiris foghlama shaincheaptha ionchuimsitheacha.

I gcás páistí a bhfuil riachtanais níos suntasaí acu, tacaíonn Conairí Tacaíochta Breise (CTBanna) leis na múinteoirí chun rochtain, deis agus dúshlán a chur ar fáil do pháistí ag a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO)[1]. Tugtar breac-chuntas le CTBanna ar na bealaí éagsúla ina bhféadfadh páistí dul i ngleic leis na Torthaí Foghlama sa tSonraíocht *Teanga* nó dul chun cinn ina dtreo a léiriú. Agus úsáid á baint ag na múinteoirí as na CTBanna, is féidir leo an t-eispéireas foghlama a mheas ar bhealach níos mionsonraithe agus leibhéil chuí rochtana, deise agus dúshláin a shainaithint do pháistí.

## Buntáistí don Pháiste

Aithníonn CTBanna an raon éagsúil buanna, spéiseanna agus riachtanas laistigh den seomra ranga agus freastalaíonn siad orthu. Trí eispéireas foghlama an pháiste a ailíniú lena gcuid buanna, spéiseanna agus riachtanas féin, d'fhéadfaí go n-éireoidh níos fearr le páistí ina bhfoghlaim, go gcuirfí níos mó dúshlán rompu agus go mbainfidh siad níos mó taitnimh as a bhfoghlaim. Tacaíonn CTBanna freisin le leanúnachas agus dul chun cinn na bpáistí agus iad ag aistriú idir ranganna agus go dtí an iar-bhunscoil.

## Ag baint úsáid as na CTBanna

Is féidir le CTBanna peirspictíocht a chur ar fáil trínar féidir leis na múinteoirí gníomhaíochtaí agus eispéiris oiriúnacha a phleanáil agus a chur ar fáil chun tacú le foghlaim na bpáistí thar imeacht ama agus chun an dul chun cinn sin a aithint laistigh de Chomhaid Tacaíochta Scoláire na bpáistí. Ligeann siad do na múinteoirí an t-eispéireas foghlama a scrúdú agus a bhriseadh síos ar bhealach níos mionsonraithe chun go n-oirfeadh sé níos mó do phróifíl foghlama an pháiste. Déantar cur síos i ngach ceann de na seacht gconair ar an gcaoi a bhféadfadh páistí rochtain a fháil ar an bhfoghlaim, plé léi, agus í a léiriú agus iad ag obair i dtreo Toradh Foghlama. Léirítear na conairí go seicheamhach. Mar sin féin, de bharr go bhfoghlaimíonn páistí ar bhealaí éagsúla, níor cheart iad seo a léirmhíniú mar ghnáthchonair líneach na forbartha, ós rud é go bhféadfadh na páistí a bheith ar chonair éagsúil do Thorthaí Foghlama éagsúla. D'fhéadfadh páiste a bheith i mbun 'aird a thabhairt air' i roinnt réimsí dá gcuid foghlama teanga agus ag 'freagairt dó' i réimsí eile.

Tugtar dúshlán do mhúinteoirí sa chonair 'blaiseadh de' ó thaobh measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuair nó nach bhfuair an páiste blaiseadh den fhoghlaim teanga seachas díreach 'a bheith i láthair' sa cheacht/ghníomhaíocht. Ba cheart an spreagthach nó an ghníomhaíocht le plé lena bhfoghlaim teanga a roghnú d'aon turas sa chomhthéacs ina dtarlaíonn an fhoghlaim agus an teagasc pleanáilte nó teagmhasach. Ba cheart cuimhneamh ar aon chomharthaí 'tabhairt faoi deara' agus iad a úsáid chun bonn eolais a chur faoi na chéad chéimeanna eile i bhfoghlaim teanga na bpáistí. Mar shampla, d'fhéadfadh sé nach dtabharfadh páistí ag a bhfuil riachtanais shuntasacha spreagthach amhail amhrán a chanadh nó rann a aithris faoi deara, nó d'fhéadfaidís taitneamh a bhaint as agus is féidir é sin a aithint ó lasadh na súl, dreacha nó gothaí. Trí phatrún ar-as a úsáid, ina ndéantar spreagthach amhail an t-amhrán nó an rann a chanadh nó a sheinm agus a stopadh roinnt uaireanta, bíonn sé níos éasca don duine fásta cinneadh a dhéanamh cibé ar thug an páiste faoi deara é nó nár thug. D'fhéadfadh sé tarlú freisin gur thug an páiste ag a bhfuil riachtanais shuntasacha an t-amhrán nó an rann faoi deara agus go dteastaíonn uathu é a bhlocáil amach agus/nó dúnadh síos.

Sa tábla seo a leanas, déantar cur síos ar sheacht gconair a bhféadfadh sé a bheith úsáideach do mhúinteoirí cuimhneamh orthu agus iad ag ullmhú deiseanna cothroma do pháistí agus ag déanamh socrú dóibh chun go dtabharfaidh siad faoi dhul chun cinn ina gcuid foghlama teanga, agus chun go dtaispeánfaidh siad sin. Cuirtear sampla ar fáil le haghaidh gach conaire. Mar sin féin, tá na samplaí seo léiritheach agus níl iontu ach ceann amháin den iliomad bealaí ina bhféadfadh páistí dul i ngleic lena gcuid foghlama agus í a léiriú.

1 Tá forbairt ag teacht ar an teanga a úsáidtear chun cur síos ar riachtanais oideachais agus míchumas. Ar mhaithe le soiléireacht agus le bheith ar aon dul le beartas agus reachtaíocht reatha, úsáidtear an téarma 'riachtanais speisialta oideachais' anseo.

## Samplaí de gach conair

| Conairí Tacaíochta Breise | | Samplaí sa tsonraíocht *Teanga* |
|---|---|---|
| **Blaiseadh de** | Bíonn an páiste i láthair le linn gníomhaíocht foghlama. Nochtar iad don timpeallacht foghlama agus/nó bíonn siad feasach uirthi. Bíonn siad ag dul i dtaithí ar ghnéithe de na timpeallachta foghlama, mar shampla, rudaí, daoine, fuaimeanna agus eispéiris chéadfacha eile. | Faigheann an páiste taithí ar réimse gníomhaíochtaí scríbhneoireachta céadfaí amhail traidirí gainimh nó salainn, uachtar bearrtha agus málaí boga. D'fhéadfaidís tosú ar dhul i dtaithí ar an mothú a bhaineann le marc-chruthú lena lámha. |
| **Aird a thabhairt air** | Tugann an páiste aird ar na gníomhaíochtaí foghlama a chuirtear ina láthair agus/nó téann siad i ngleic leo trí ghothaí, iompar an choirp, guthaíocht, súilfhéachaint, gluaiseacht, srl., a athrú. Tá siad tar éis dul i dtaithí ar an timpeallacht foghlama. | Le linn léitheoireacht os ard, pléann an páiste leis an scéal, ag freagairt don téacs agus do na híomhánna trí dhreacha aghaidhe, guthaíocht, gluaiseacht, súilfhéachaint, srl. |
| **Freagairt dó** | Taispeánann an páiste go bhfuil siad in ann spéis a chur sa timpeallacht foghlama go gníomhach nó d'aon ghnó. Tosaíonn siad ag cur in iúl céard is maith leo, céard nach maith leo nó céard is fearr leo. Freagraíonn siad go gníomhach do ghníomhaíocht foghlama le tacaíocht nó gan tacaíocht. | Agus an páiste ina suí i leabharlann an ranga, pléann siad le leabhair agus tugann spléachadh orthu. D'fhéadfaidís ceann amháin a roghnú agus iarraidh ar dhuine fásta é a léamh dóibh. D'fhéadfaidís spéis agus toilteanas chun tabhairt faoin léitheoireacht a léiriú, ag glacadh páirte le linn codanna den scéal a bhfuil cur amach acu orthu b'fhéidir. |
| **Tús a chur leis** | Bíonn an páiste fiosrach faoin timpeallacht foghlama. Lorgaíonn siad, go gníomhach agus go neamhspleách, deiseanna le dul i ngleic leis an timpeallacht sin agus/nó dul i bhfeidhm uirthi. | Le linn ceachta ina ndírítear ar an teanga ó bhéal a fhorbairt, tosaíonn an páiste an chumarsáid gan spreagadh a fháil ón múinteoir. Le linn seiceáil isteach/cruinniú maidine, pléann an páiste le piara nó le duine fásta atá ag obair leo ina rogha modha cumarsáide. |
| **Sealbhú** | Taispeánann an páiste go bhfuil eolas, scil nó coincheap á fhoghlaim acu. Fiosraíonn siad an fhoghlaim agus glacann siad páirt inti. | Le linn gníomhaíocht scríbhneoireachta, léiríonn an páiste feasacht ar threoshuíomh clé go deas agus tuigeann siad gur féidir le marcanna ar leathanach nó ar scáileán a bheith ina modh cumarsáide. |
| **Ag éirí líofa** | Gluaiseann an páiste i dtreo líofachta agus cruinnis i gcomhthéacsanna foghlama a bhfuil taithí acu orthu. Taispeánann siad go neamhspleách agus go seasmhach go bhfuil siad in ann cuimhneamh ar an eolas, ar an scil nó ar an gcoincheap a foghlaimíodh. | Agus obair déanta acu ar rangú roimhe, úsáideann an páiste an tuiscint atá acu chun roinnt ainmhithe a shórtáil go neamhspleách agus d'fhéadfaidís cúiseanna a thabhairt leis na roghanna atá déanta acu. |
| **Ginearálú** | Aistríonn an páiste eolas, scileanna nó coincheapa a d'fhoghlaim siad chuig comhthéacsanna a bhfuil agus nach bhfuil cur amach acu orthu, agus cuireann siad i bhfeidhm iad sna comhthéacsanna sin. | Ar thuras scoile, cuireann an páiste an t-eolas atá acu ar ghnásanna sóisialta i bhfeidhm nuair a bhuaileann siad le daoine nach bhfuil aithne acu orthu, m.sh., beannú do dhuine, iarratas a dhéanamh, srl., gan spreagadh a fháil. |